

# FAOI CHAIBIDIL

Foirseofar an forlónadh ealaíon seo ar nuachtáin

Ghrúpa Meán Bhéal Feirste,  
Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le [www.nuacht.com](http://www.nuacht.com)



Forlónadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: [leabhar@nuacht.com](mailto:leabhar@nuacht.com)

## An timpiste (Cuid II)

Bhícaolaláimhenimhneach. Bhí orthu é a stracadh ó mhúineál an tSúilleabhánaigh. Bhí píosa bóna ina láimh. Geansaí peile an tSúilleabhánaigh.

Níor theastaigh uaidh a ghreim a scaoileadh. Bhí sé in ann cuimhneamh air sin, ar a laghad. Bhí ré roilleacán ina cheann ó na himeachtaí go léir – an tarracoír agus an leantóir ualaithe ag titim thar imeall an phoirt, iarracht an tSúilleabhánaigh léim as an mbealach, agus ansin pian an bháis ar a aghaidh agus é á bhrú síos faoin inneall nuair a theip air. Cad a rinne sé chun an tromluí seo thuilleamh? Cén fáth nach raibh Aoife leis . . . chun cabhair agus compord a thabhairt a dó?

Tháinig Stealla i Morris Minor. In aice léi bhí an Gruagach, sa chúil an buachaill.

Ina lámh bhí porainséir. Nuair a shuigh sé isteach in aice leis chonaic sé cros bheag ghorm le corp bán ann.

“Tá leannán deas agat, pé scéal é. Mar a d’inis mé duit, biodh iontaoibh agat i nDia. Soilsíonn an solas Uaidh sin atá ina Ghrian,” arsa Stealla, agus í ag tiomáint go contúirteach ag féachaint siar thar a gualainn air sa chúil. Níor labhair an buachaill. Bhí a shúile dúnta aige i bpaidir, a liopaí dearga ag corraí go ciúin.

“Brave country up this way,” arsa an Gruagach i nglór beag caol, a cheann ar comhairde leis an bpludhlár. “Frost was so bad last night it killed a frog on our doorstep, didn’t it Stealla? Bad sign that.”

Shroich siad an teach agus an Súilleabhánach á iompar isteach

acu ar chlár deiridh an leantóra. Bhí a lámha ag slabarnach thar imeall an chláir. Bhí sé marbh. D’ardaigh an buachaill an chros ghorm san aer. Bhí gruaim ar aghaidheanna na bhfear. An Geancachán suaite go dona, choinnigh sé ag creathadh a chinn. Shín an buachaill daigear lúbtha le paidrín filte thar an lann don nGruagach. Bhí fuil ar bhéal an tSúilleabhánaigh. Tirim.

Chroith an buachaill a cheann. “Crushings, crashes, guns, I’m not able for. Them’s ospital cases. It has to be natural bleeding. Illness, himridge or disaze. What God gives God can cure.”

“He’s dead as a maggot anyways,” arsa an Gruagach i gcogair.

“I rize the dead the onest,”

arsa an buachaill.

Amuigh labhair Stealla leis. “Ní bheadh sé ceart ná ádhmhar bronntanas a iarraidh. Ag feiceáil go raibh sé marbh nuair a tháingamar. Má theastaíonn uait, a bhuachaill, d’fháistineacht a chloisteáil tar go dtí an teach.”

“Tá a fhios agam go maith céard atá i ndán dom,” ar sé, más aon bhreithiúnas an t-am caite agus an t-am láithreach.”

“Níl a fhios tada. Tá tú ina phóca ag Dia.”


Chuaigh sé isteach sa bhóitheach agus shuigh sé ar stól crúite. Chaoin an focal agus mharaigh tú é. Ach ní raibh aon mhaitheas ann bheith ag béicil “Bás”. Thosaigh sé ag crith. Ansin d’imigh sé fuar agus righin. Cloch-chrua. Fúiseog, giorria cloch. . . bhí sé á thiontú

isteach i gloch. Den chéad uair riamh bhí eagla air. Eagla roimh é féin, eagla dó féin. Dall ar strae, shiúil sé trí pháirc chuig an loch.

Ar imeall an uisce sheas sé gan a fhios aige cén fáth a raibh sé ann. Ba é mac léinn Lycidas a bád sa mhuir mhór. Más taibhse an Súilleabhánach d’fhéadfadh sé é a fheiceáil on teach.

An chéad rud a rinne an Súilleabhánach nuair a déirigh sé ar maidin dul amach sa chlós agus féachaint ar an loch agus an aimsir a insint ó na rudai a chonaic sé. “Do you know what, lad, there’s going to be a week of boilers.” Nó dá mbeadh fearthainn air, “there’s going to be enough of the wet stuff to float an ark.”

Anois bhí se imithe ar shlí na firinne más fíor. Conas a



d’fhéadfadh sé é a chreidbheáil? Á chaitheamh féin síos, thosaigh sé ar an olagán ag réabadh lena mhéara ar an gcladach lathach.

## Who fears to speak of 98?

Dhiúltaigh an Chomhairle Ealaíon i mBaile Átha Cliath d’iarratas ar thacaíocht le haghaidh siompóisiam dealbhóireachta cloiche atá á eagrú ag Niall Deacon ar a láthair féin gar go leor do Inis Córthaidh, Co Loch Garman.

Thart ar €1000 gann atá Deacon, a bhfuil láthair aige cúpla míle ón bhaile agus cúpla míle fosta ó Ráth an Iúir, an láthair as ar shíolraigh na hiománithe clúiteacha Rackard (Bobby, Billy agus Nicky) ar cailleadh an duine deireanach díobh tá mí nó dhó ó shin.

N’fheadar ar shloinne Pléimeannach a bhí i Rackard nó tá sloinntea dá shórt coitianta sa chontae sin.

Deántar dearmad

ar an mhionphlandáil Phrostatúnach a rinneadh sa dúthaigh agus dá hoidhreacht sin ar ball i 1798.

Bháigh cliú agus anbhás an Athar Uí Mhurchú leithéid Beauchamp, Bagenal, Harvey sna gnáthinsintí ar stair na linne sin.

Shíl m’athair riamh gur frithbheartaíocht in éadan shlad na ndílseoirí sa dúthaigh a thiontaigh an tAthair Ó Murchú ina reibiliúnach.


Fág sin mar atá don turas seo. Baineann Deacon le sliocht creidimh Harvey agus ní gan phobal é, nó tháinig baill eile dá chúilra sin i dtacaíocht air agus d’aontaigh a ghailearaí in ‘The Norman Gallery’ a chur ar fáil do reic ealaíon

(‘chuile shórt ar €50 an píosa’) as a bhfuil síl ag Deacon agus na dealbhóirí eile an bhearna a líonadh, an bhearna a rabhthas ag glacadh leis nach mbeadh gá lena líonadh ach tacaíocht a fháil ón gComhairle Ealaíon.

Jeremy agus Rosie Hill a reachtálann an Gailearaí sin mar ar oscail taispeántas 16 Bealtaine le beirt eile ón gcúlra céanna, mar atá, Patrick agus Pamela Palmer. Go n-éirí leo.

Níos déanaí i mbliana beidh saothar na ndealbhoirí ar taispeántas – agus ar díol – sa ghailearaí chéanna agus sna gairdíní mórthimpeall ar an teach ina bhfuil sin lonnaithe. ([www.normangallery.com](http://www.normangallery.com))

Pádraig Ó Snodaigh



‘Lilypond’ ó thaispeántas Patrick agus Pamela Palmer atá le feiceáil in The Norman Gallery go dtí deireadh na míosa, 12-6in. Tuilleadh eolais: [www.normangallery.com](http://www.normangallery.com)

## An manach a ndearnadh rí as

Anna Paluch

Tá rud éigin meallacach san fhicscean stairiúil, nó ficsean náisiúnta mar a thugtar air faoi láthair.

Is cuimhin liom féin scéalta bunaithe ar stair mheánaoiseach na Polainne a léifeadh mo dheartháir sa bhunscoil fós.

Líon siad ár n-óige, cé nach raibh siad fiordháiríre ach amháin cúpla dáta nó ainm fíor luaithe ann.

Tá cuma chomhchosúil ar an leabhar seo – agus tá an aithris éadrom chéanna aige, rud a dhéanann ábhar maith léitheoireachta de agus tú ar laethanta saoire.

Úrscéal suite timpeall chath an Dúin sa bhliain 1260 é seo. Tá Eoghan Mac Néill Rua Ó Néill, deartháir le Brian, rí Chineál Eoghain, ina mhanach agus ina mhac léinn sa Fhrainc.

Níl cosúlacht ann go gcuirfidh tús na bliana anord ar a shaol – caidreamh le cailín áitiúil agus an tubaiste a lean é, turas go hÉirinn agus scéala faoi bhás Bhriain ar ármhá. . .

Caithfidh seisean a áit a ghlacadh mar mhac agus céile, rí agus polaiteoir.

Agus idir an dá linn, faigheann sé eachtraí ó shaol Bhriain amach, saol laoiach lán d’anbhuain, idir chogadh agus éagmais oidhre.

Caithfidh sé cur i gcoinne a uachtaráin, a naimhde ach go háirithe i gcoinne a rialacha.


Tá pearsana taibhriúla agus fíorasacha mar phríomh-charachtair anseo ach tá siad uile mar a shamhlaíonn scríbhneoir iad – ní nach ionadh ó tharla nach bhfuil ach iontrálacha coimre as Annála agairn faoi fhíor-imeachtaí a thug cúlra don scéal. Ach seo go díreach an fáth a bhfuil spraoi agus saibhreas ann.

Rud eile, cé gur cumadóireacht atá sa chuid is mó de na heachtraí seo, ligeann siad dúinn breathnú ar dhaoine a bhfuil níos mó ná a n-ainmneacha ar éigean fágtha inár gcuidhne, amhail is dá mbeadh siad cosúil linn féin.

Brathann siad grá, sonas, brón, uaigneas agus faitíos faoin todhcháí – nach mothúcháin aithnidiúla iad?

Dilseacht don tír agus dá mhuintir a thug ar Eoghan éirí as a bhrionglóidí – ní chaithfear bheith ina mhanach i bhfad chun cinneadh mar é seo a dhéanamh.

I gcanúint Ultach atá an leabhar scríofa agus cé gur teanga nua-aimseartha í, déanann an t-údar iarracht spiorad na meánaoise a thabhairt leis nó béim a chur ar ilghnéitheacht gheografach – tá fráisáí Laidine, Fraincise, Breatnaise ann agus tagairtí d’fhealsúna agus d’uachtaráin na heaglaise.



Tá an scéal seo simplí go leor agus beagáinín saonta uaireanta ach ní mhaolaíonn é seo a dhraíocht – ba chóir a mhilleadh sin a rá.

Seo leabhar don ghnáthléitheoir, is cuma más spéis leis nó léi an stair agus eolas aige nó aici ar an tréimhse áirithe sin.

Is as Béal Feirste do Shéamus de Napier. Údar na leabhar Comhréir agus Gramadach Gaeilge Uladh i 1600 agus Lorg na nGael is ea é. Tá dánta (Drúid do Bhéal Bhéal Feirste) agus scéal eile (Balbh go Mailteach) foilsithe aige chomh maith faoin ainm pinn thuas ‘Alec Bán Mac Conaill’.

Alec Bán Mac Conaill (Seamus de Napier), 1260 AD. Coiscéim: Baile Átha Cliath, 2008. €7.50